Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14416/25**

| | |
|---|---|
| **COPS 528** | **CSC 536** |
| **POLMIL 323** | **ECOFIN 1406** |
| **INDEF 124** | **UEM 511** |
| **EUMC 377** | **COEST 764** |
| **HYBRID 130** | **ESPACE 70** |
| **PROCIV 131** | **POLMAR 66** |
| **IND 454** | **CYBER 295** |
| **MAP 96** | **TRANS 490** |
| **COMPET 1061** | **PESCO 19** |
| **FISC 287** | **CFSP/PESC 1517** |
| **FIN 1244** | **CSDP/PSDC 636** |
| ***EDA*** | |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2025) 27 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG COMHAIRLE NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An tSíocháin a Chaomhnú – Treochlár 2030 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2025) 27 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2025) 27 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 16.10.2025
JOIN(2025) 27 final

# TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG COMHAIRLE NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## An tSíocháin a Chaomhnú – Treochlár 2030

GA GA

## *1 Réamhrá*

An méid a dhéanfaidh an Eoraip agus na Ballstáit le linn an chuid eile den 10 mbliana seo, múnlóidh sé slándáil na mór-roinne don chéad iomlán. Faoi 2030, tá seasamh cosanta Eorpach de dhíth ar an Eoraip a bheidh láidir go leor chun a cuid naimhde a dhíspreagadh ar bhonn inchreidte agus chun aon ionsaí a fhreagairt. **Sa chaoi go mbeidh sí 'réidh do 2030'**, **ní mór don Eoraip gníomhú anois**. Sin an fáth ar iarr Cinn Stáit nó Rialtais an Aontais, ag Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí '*treochlár a thíolacadh*' chun '*athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn [maidir leis an bPáipéar Bán] ag an gcruinniú a bhí aici i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus plé a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile i gcur chun feidhme a chuspóra maidir le hullmhacht i réimse na cosanta*.'

Leis an Treochlár seo, aistrítear an Páipéar Bán agus an treoir a chuir an Chomhairle Eorpach ar fáil ina gcuspóirí soiléire, ina ngarspriocanna lena ngabhann dátaí nithiúla le haghaidh táirgí insoláthartha, agus táscairí chun an dul chun cinn a rianú. Moltar ann tionscnamh suaitheanta Eorpach sna réimsí ina bhfuil an phráinn is mó, chun iarrachtaí a dhíriú, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear spriocanna ECAT.

Is éard atá i gceist le hullmhacht i réimse na cosanta **na cumais is gá chun cogaíocht nua-aimseartha** a fhorbairt agus a fháil. Ciallaíonn sé go n-áiritheofar go mbeidh bonn tionsclaíoch cosanta ag an Eoraip, rud a thabharfaidh buntáiste straitéiseach agus an neamhspleáchas is gá di. Agus ciallaíonn sé a bheith réidh le nuálaíocht cheannródaíoch agus olltáirgeadh tapa a chur ar fáil ag tráthanna criticiúla.

An gá atá le dlús a chur leis na hiarrachtaí, léiríonn sé na contúirtí atá ag dul i méid sa lá atá inniu ann, chomh maith leis an **timpeallacht bhagartha atá ag teacht chun cinn** nach mór don Eoraip agus do na Ballstáit dul i ngleic léi, dul in oiriúint di agus ullmhú di. Tosaíonn sé sin leis an bhfogha míleata iomlán gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, atá ag dul i méid go mór ó thaobh brúidiúlachta agus foréigin de. Is amhlaidh is mó griogadh meargánta ann agus gníomhartha cogaíochta hibridí i gcoinne na mBallstát, ó chibirionsaithe go sárú an aerspáis. Tá a geilleagar agus a sochaí a míleataithe ag an Rúis. In 2025, beidh a buiséad cosanta dearbhaithe os cionn 7 % de OTI. Baineann thart ar 40 % dá buiséad in 2025 le slándáil agus cosaint. Is leanúnach **an bhagairt í an Rúis mhíleataithe sin ar shlándáil na hEorpa go ceann i bhfad**.

Ní mór ullmhacht na hEorpa a bheith fréamhaithe sa chomhthéacs domhanda leathan agus cur chuige 360° á chur i bhfeidhm. Ní féidir linn a bheith dall ar bhagairtí ó áiteanna eile sa domhan. Tá agóid á déanamh i gcoinne an oird idirnáisiúnta. Tá méadú ag teacht ar an iomaíocht straitéiseach inár gcomharsanacht i gcóngar agus i gcoitinne, ach i bhfad níos faide i gcéin freisin. Ó Gaza agus an Meánoirthear go dtí roinnt coinbhleachtaí folaigh nó oscailte san Afraic, ón teannas atá ag fás i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus san Artach, tá splancphointí ag dul i méid. Is amhlaidh is mó atá stáit fhorlámhacha ag cur isteach ar ár sochaithe agus ar ár ngeilleagair. Tá a bhfócas á aistriú ag comhghuaillithe agus ag comhpháirtithe traidisiúnta chuig réigiúin eile den domhan. Ar deireadh, ní mór dúinn bagairtí cothrománacha amhail an sceimhlitheoireacht, iomadú na n-arm ollscriosta agus iarmhairtí slándála an athraithe aeráide a choinneáil faoi smacht.

**Chun síocháin a áirithiú trí dhíspreagadh, ní mór seasamh agus cumais chosanta na hEorpa a bheith réidh freisin do láithreacha catha na todhchaí**, i gcomhréir le

cogaíocht a mbíonn a saintréithe ag athrú. Is iad an nuálaíocht teicneolaíochta agus na próisis atriallacha - arna bhforbairt ar luas agus ar scála agus á mbunú ar réitigh dé-úsáide - a shocróidh cé chomh láidir a bheifear ar láthair an chatha. Is é an dream is láidre agus is lú spleáchas an dream a fhorbraíonn a theicneolaíochtaí féin, go sonrach maidir leis na córais chriticiúla cogaíochta nua-aimseartha, amhail dróin, satailítí nó feithiclí uathrialaitheacha. Is í an Úcráin an chéad líne chosanta atá ag an Eoraip i gcónaí agus is dlúthchuid d'ollstruchtúr cosanta agus slándála na hEorpa í, agus leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus leanfaidh sé den chomhar treisithe leis an Úcráin.

**Ní mór do na Ballstáit acmhainneacht straitéiseach idir-inoibritheach neamhspleách**, a bheidh á forbairt agus á cothabháil acu i gcomhar le chéile, **a thabhairt dóibh féin go práinneach**, acmhainneacht a bheidh in ann aon bhagairt ar iomláine chríochach agus ar cheannasacht na hEorpa a fhreagairt i bhfíor-am. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a bheith in ann gníomhú go neamhspleách agus freagracht a ghlacadh as a gcosaint agus a slándáil féin gan bheith ag brath an iomarca ar chomhlachtaí eile. Ní mór dóibh rannchuidiú go dearfach leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, i ndlúthchomhar le ECAT. Eoraip atá níos réidhe lena cosaint féin a áirithiú, is Eoraip í atá níos comhordaithe le ECAT agus atá in ann a cion cothrom féin a ghlacadh sa chomhghuaillíocht thrasatlantach. I réimsí uile an Treochláir seo, tá an comhar idir an tAontas agus ECAT ríthábhachtach, ós rud é go bhfuil an chomhghuaillíocht thrasatlantach fós ina colún fíor-riachtanach de shlándáil an Aontais. Áiritheoidh sé an comhleanúnachas agus an t-athneartú frithpháirteach a mhéid is féidir, agus dúbailt nach bhfuil gá léi á seachaint an tráth céanna.

Ba cheart go gcuirfeadh sé sin leis an obair ar cuireadh tús léi cheana féin. **Tá an Eoraip tar éis athrú agus dul i ngleic leis an tearcinfheistíocht i réimse na cosanta atá ann le blianta anuas**. Mhéadaigh na Ballstáit buiséid chosanta ó EUR 218 mbilliún in 2021 go EUR 343 bhilliún in 2024, buiséid ar réamh-mheasadh go sroichfeadh siad EUR 392 bhilliún in 2025. Tháinig méadú 42 % ar infheistíochtaí cosanta in 2024, agus leithdháileadh EUR 106 bhilliún, agus shroich soláthar trealaimh nua EUR 88 mbilliún. Cuireadh ionstraimí nua de chuid an Aontais i láthair, amhail an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach, agus cuireadh creat straitéiseach nua ar fáil leis an bPáipéar Bán um Ullmhacht i Réimse na Cosanta. An clár oibre ReArm Europe, cuirfear suas le EUR 800 billiún ar fáil don chosaint, lena n-áirítear trí ionstraimí cistiúcháin nua amhail SAFE. Maidir leis na gealltanais chaiteachais a thug Comhghuaillithe ag Cruinniú Mullaigh ECAT i mí an Mheithimh 2025, chun an phríomhsprioc nua caiteachais cosanta 3.5 % OTI a bhaint amach faoi 2035, beidh gá le caiteachas leanúnach EUR 288 mbilliún breise ar a laghad gach bliain sna deich mbliana amach romhainn. Ní mór tairbhe a bhaint as an gcaiteachas méadaithe sin i dtéarmaí post, nuálaíochta agus iomaíochais san Eoraip.

**Tá agus beidh na Ballstáit ceannasach maidir lena slándáil agus lena gcosaint náisiúnta.** Tá siad freagrach as na cuspóirí cumais is gá a shainiú chun ullmhacht a bhfórsaí armtha náisiúnta a áirithiú ionas gur féidir leo a misin straitéiseach-mhíleata a chomhlíonadh, lena n-áirítear na misin sin a dhéantar laistigh de ECAT. Is cinneadh ceannasach iad a gcuspóirí náisiúnta féin agus na hamlínte gaolmhara chun iad a bhaint amach.

An tráth céanna, léiríonn timpeallacht chasta na bagartha gur gá do na Ballstáit gníomhú le chéile, seachas a gcuid iarrachtaí a ilroinnt i dtionscnaimh náisiúnta neamhchomhordaithe. Go dtí seo, tá níos lú ná 50 % den trealamh cosanta fós á sholáthar

laistigh den Aontas, agus ar an leibhéal náisiúnta den chuid is mó agus tá sciar den mhargadh bainte amach ag soláthróirí neamh-Eorpacha.

Dá bhrí sin, is léir gur gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh, infheistíocht a dhéanamh le chéile agus infheistíocht a dhéanamh san Eoraip.

### *2 — Cad a chiallaíonn ullmhacht i réimse na cosanta?*

Chun ullmhacht iomlán i réimse na cosanta a bhaint amach, is féidir le Fórsaí Armtha na mBallstát aon ghéarchéim a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear cogaíocht ard-déine, a réamh-mheas, ullmhú di agus a bheith in ann í a fhreagairt. Chuige sin, tá gá le fórsaí armtha a mbeidh trealamh maith agus acmhainní maithe acu agus a bheidh comhleanúnach agus idir-inoibritheach, oiliúint leordhóthanach agus teagasc i leith fórsa míleata a úsáid.

I mbeagán focal, chun go mbeidh an Eoraip ullamh ní mór di na spriocanna cumais amach a bhaint amach agus na Ballstáit ag obair i gcomhar le chéile bunaithe ar ghealltanais na mBallstát, lena n-áirítear laistigh de ECAT.


Braitheann sé freisin ar bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch Eorpach atá láidir, athléimneach agus nuálach. Chuige sin, teastaíonn an creat rialála ceart, margadh ar scála na mór-roinne, soghluaisteacht mhíleata mhéadaithe, tuilleadh nuálaíochta agus scileanna, agus líonra leathnaithe comhpháirtíochtaí cosanta le comhghuaillithe agus comhpháirtithe. Sa chiall níos leithne, éilíonn ullmhacht i réimse na cosanta freisin timpeallacht láidir chumasúcháin, bunaithe ar shochaithe athléimneacha, saoránaigh dhea-ullmhaithe eolacha, agus comhar sibhialtach-mhíleata feabhsaithe[1]. Agus é ag díriú ar chumais, tugtar aghaidh sa Treochlár seo freisin ar na coinníollacha bunriachtanacha eile sin le haghaidh ullmhacht na hEorpa i réimse na hEorpa.

Is é is aidhm dó an obair a dhéanann na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal ilnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus na próisis a sheol an Coimisiún trí ionstraimí leanúnacha agus ionstraimí nua a bhaineann leis an gcosaint, a thabhairt le chéile.

### *3 — Bearnaí cumais na hEorpa a dhúnadh faoi 2030: príomhchéimeanna agus príomh-gharspriocanna*

Tá sé i gcroílár chuspóir na hullmhachta a áirithiú go mbeidh na cumais speictrim iomláin is gá ag an Eoraip chun aon ionsaí a dhíspreagadh agus chun a teorainneacha a chosaint ar talamh, san aer agus ar muir, chomh maith lena líonraí agus a sócmhainní sa chibearspás agus sa chianspás. Tá na **réimsí cumais tosaíochta tosaigh** seo a leanas sainaitheanta ag na Ballstáit:

[1] Straitéis um Aontas na hUllmhachta (JOIN(2025) 130: Dá bhrí sin, comhlánaíonn Teachtaireacht Chomhpháirteach na Straitéise um Aontas na hUllmhachta, an 26 Márta 2025) an Treochlár seo.




*Riachtanais oibríochtúla na mBallstát a shainiú agus a rianú*

Tá gá le cur chuige córasach chun cuspóir comhpháirteach na hullmhachta i réimse na cosanta a bhaint amach faoi 2030. Tá uasmhéid idir-inoibritheachta agus comhlántachta na gcumas míleata a fuarthas bunriachtanach. Tá forléargas rúnaicmithe á dhéanamh ag Foireann Mhíleata an Aontais (FMA) ar staid reatha chumais agus chuspóirí na mBallstát. Áirítear leis sin na réimsí tosaíochta cumais agus cuirtear san áireamh spriocanna ECAT chomh maith le riachtanais na hÚcráine. Leis an bhforléargas sin soláthrófar léargais chainníochtúla ar na heasnaimh chumais atá ann cheana ar fud speictream iomlán na n-oibríochtaí míleata, lena n-áirítear cosaint chríochach.

Tabharfar an forléargas cothrom le dáta ar bhonn bliantúil agus déanfar é a chomhtháthú san Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint arna ullmhú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) agus le tacaíocht ó FMA. Áiritheofar leis sin an nasc idir an anailís ar easnaimh acmhainní míleata agus na réimsí tosaíochta cumais le haghaidh soláthair agus forbartha. Déanfaidh Cinn Foirne Cosanta athbhreithniú go tráthrialta ar thoradh na hanailíse i suíomh rúnaicmithe chun bonn eolais a chur faoin obair bhreise a dhéanfaidh Stiúrthóirí Armála Náisiúnta agus Stiúrthóirí Cumais maidir le réitigh atá beartaithe. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go leanfaidh na Ballstáit d'fhaisnéis chomhiomlán maidir lena gcuspóirí agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu a roinnt le FMA. Cé go bhfuil sí rúnaicmithe, leis an bhfaisnéis sin beifear in ann faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn comhchoiteann i gcomhréir le Treochlár Ullmhachta 2030.

Agus an próiseas sin á iomlánú aige, cuirfidh an Coimisiún agus an tArdionadaí Tuarascáil Bhliantúil maidir le hUllmhacht i réimse na Cosanta faoi bhráid gach cruinnithe den Chomhairle Eorpach a reáchtálfar i mí Dheireadh Fómhair. Beidh an tuarascáil sin dírithe ar an staid chomhiomlán ar leibhéal an Aontais sna réimsí cumais tosaíochta comhaontaithe, agus ar na saincheisteanna eile a leagtar amach sa Treochlár seo. Cuirfear nuashonrú ar fáil sa Tuarascáil maidir leis an dul chun cinn comhchoiteann i leith gach príomhtháscaire a mholtar sa Treochlár seo agus déanfar comhairliúchán leis na Ballstáit ina leith. Cuirfidh an Tuarascáil ar chumas na gCeannairí athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn comhchoiteann ar an mbonn sin agus treoir straitéiseach a chur ar fáil do phlé na nAirí Cosanta sa Chomhairle Gnóthaí Eachtracha i bhformáid Cosanta.

*Forbairt cumais trí Chomhghuaillíochtaí Cumais na mBallstát*

Is é an rud is tábhachtaí d'ullmhacht na hEorpa i réimse na cosanta na heasnaimh chriticiúla chumais atá ann cheana a shárú trí chumais chosanta a fhorbairt agus a sholáthar sna réimsí tosaíochta uile a comhaontaíodh.

Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit an próiseas leanúnach chun Comhghuaillíochtaí um Chumas na mBallstát a bhunú a thabhairt chun críche go pras. Ba cheart dóibh a shonrú cé na Ballstáit a rachaidh i ngleic leis na heasnaimh sin agus teacht ar chomhaontú maidir le rialachas gach comhghuaillíochta, le ról na náisiún ceannais agus na náisiún chomhcheannais, leis na cuspóirí cumais agus na tionscadail chomhoibríocha atá le seoladh chun iad a bhaint amach. Laistigh de na comhghuaillíochtaí sin, leanfaidh na Ballstáit de bheith ceannasach i gcónaí agus a ról agus a rannchuidiú á gcinneadh acu. Ag tógáil ar Threochláir Chur Chun Feidhme Tosaíochtaí atá ann cheana faoi stiúir GEC[2], ba cheart do gach comhghuaillíocht chumais cuspóirí agus amlínte sonracha a leagan amach.

Ba cheart do Chomhghuaillíochtaí Cumais leanúint de bheith oscailte do Bhallstáit eile ar mian leo páirt a ghlacadh ann tráth níos déanaí. Ba cheart comhcheannaireacht a spreagadh chun úinéireacht agus comhroinnt ualaigh iomchuí na mBallstát a áirithiú. Féadfaidh gach comhghuaillíocht úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na huirlisí atá le fáil sa Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach (CTCE)[3] chun tacaíocht spriocdhírithe ón Aontas a spreagadh do thionscadail shuaitheanta, chomh maith le tionscadail nua an bhuanchomhair struchtúrtha (PESCO) a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfadh treoirlínte cothrománacha obair na gcomhghuaillíochtaí sin a éascú, maidir le ról na náisiún ceannais, an caidreamh idir comhcheannairí más gá, ballraíocht, plean cur chun feidhme, nasc le gníomhaithe an Aontais agus sásra tuairiscithe.

**Ba cheart na próisis atá ann cheana a úsáid a mhéid is féidir**. Faoi threoir na mBallstát, beidh ról lárnach ag GEC i leith próiseas na Comhghuaillíochta a éascú, go háirithe trí na grúpaí saineolaithe um chumas. Beidh obair FMA ar easnaimh chumais mar bhonn eolais don phróiseas freisin. Áiritheoidh an Coimisiún an nasc idir comhghuaillíochtaí agus ionstraimí agus beartais chistiúcháin an Aontais. Cinnteoidh formáid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha (Cosanta) stiúradh polaitiúil. I bhfianaise na práinne, ba cheart do na Ballstáit tuairisciú don Chomhairle faoi thús 2026.

Beidh sé ríthábhachtach Ionstraim nua SAFE agus uirlisí eile de chuid an Aontais agus uirlisí náisiúnta eile a shlógadh go pras chun soláthar tráthúil na gcumas is tábhachtaí laistigh de na comhghuaillíochtaí a áirithiú — go comhpháirteach a mhéid is féidir. Chuige sin, ní mór oibriú go tapa, ós rud é go leagtar amach i **Rialachán SAFE** spriocdhátaí dochta, nach mór a urramú chun fanacht ar an mbóthar ceart do 2030.

Athróg ríthábhachtach a bheidh ann a mhéid is féidir a dhéanfaidh na Ballstáit riachtanais a chomhordú, éileamh a chomhiomlánú agus **soláthar comhpháirteach** a eagrú. Tá an soláthar cosanta fós thar a bheith náisiúnta. Is é an toradh a bhíonn air sin ilroinnt, boilsciú costais agus easpa idir-inoibritheachta. In 2007, chomhaontaigh na Ballstáit 35 % dá n-infheistíocht i réimse na cosanta a thiomnú do sholáthar comhoibríoch[4]. Mar sin féin, tá sé fós faoi bhun 20 %. Beidh **infheistíocht i réimse na cosanta a dhíriú níos mó ar sholáthar comhpháirteach** ina príomhthoisc don ullmhacht, ós rud é go gcuideoidh comhiomlánú éilimh agus barainneachtaí scála le hacmhainneacht táirgeachta thionscal

[2] Tá treochlár i ngach ceann de na 22 réimse a sainaithníodh sna Tosaíochtaí Forbartha Cumais (Samhain 2023).

[3] E.g. Tionscadal Eorpach Leasa Choitinn um an gCosaint (TELCC) nó Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa (SCAE) nuair a bheidh siad i bhfeidhm.

[4]An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint. In 2017, rinneadh gealltanas níos ceangailtí PESCO i gcás na gníomhaireachta.

cosanta na hEorpa a mhéadú agus idir-inoibritheacht a chothú. Má dhéantar an t-éileamh Eorpach a chomhiomlánú, laghdófar costais trína sheachaint go mbeidh na Ballstáit ag ceantáil ar a chéile agus cuirfidh siad feabhas ar a gcumhacht cheannaigh fhoriomlán. Cuirfidh sé feabhas freisin ar éifeachtaí scála agus tacóidh sé le hiarrachtaí leanúnacha ar phríomhnóid táirgthe agus príomhshlabhraí soláthair a dhaingniú agus borradh a chur fúthu i gcomhar le chéile.

**Cuspóirí:**

Tá sé beartaithe gur cheart do na Ballstáit easnaimh chumais a líonadh i gcomhar le chéile faoi 2030. Ina theannta sin, ba cheart sciar an tsoláthair chomhpháirtigh a chóineasú i dtreo na sprice 35 % a comhaontaíodh agus ba cheart an sprioc pholaitiúil a bhaint amach leis an infheistíocht i réimse na cosanta arna soláthar agus í a bheith cothrom le 55 % ar a laghad den infheistíocht iomlán.

**Garspriocanna:**

1. Comhghuaillíochtaí Cumais a bhunú i ngach réimse tosaíochta, cinneadh a dhéanamh maidir le náisiúin ceannais agus náisiúin chomhcheannais, agus maidir le pleananna cur chun feidhme a bhaineann leo go sonrach go dtí 2030 — faoi R1 2026
2. Sonraí tosaigh a bhailiú maidir le hacmhainneacht thionsclaíoch chosanta an Aontais sna réimsí tosaíochta cumais, le tacaíocht ón gCoimisiún de réir mar is iomchuí — faoi lár 2026
3. Tionscadail a sheoladh i ngach réimse tosaíochta laistigh den chéad leath de 2026
4. 40 % ar a laghad den soláthar cosanta a eagrú mar sholáthar comhpháirteach — faoi dheireadh 2027
5. A áirithiú go mbeidh tionscadail, conarthaí agus maoiniú i bhfeidhm chun easnaimh chriticiúla cumais a dhúnadh sna réimsí tosaíochta — faoi dheireadh 2028
6. Gach soláthar arna chistiú ag SAFE a fháil, rud a rannchuideoidh le gach easnamh cumais sna réimsí tosaíochta a dhúnadh — faoi dheireadh 2030

**Táscairí:**

Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Tuarascáil Bhliantúil maidir le hUllmhacht i réimse na Cosanta faireachán ar fhorás easnamh míleata comhchoiteanna an Aontais de réir réimse tosaíochta cumais (i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin) agus ar líon na dtionscadal a seoladh agus na gcumas arna soláthar in aghaidh an réimse tosaíochta, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag FMA agus GEC.

***4 — Tionscnaimh shuaitheanta Eorpacha maidir le hUllmhacht a sheoladh***

Cé go bhfuil gá le dul chun cinn ar fud réimsí uile na gcumas cosanta, tá géarghá le hinfheistíocht ollmhór a dhéanamh ar bhealach comhordaithe i dtionscadail uile-Eorpacha lena gcosnófar an Eoraip ina hiomláine ar na bagairtí práinneacha sin.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún agus an tArdionadaí/Leas-Uachtarán **tacar tionscnamh suaitheanta Eorpach tosaigh ullmhachta** atá uile-Eorpach de réir a gcineáil. Rachaidh siad chun tairbhe do shlándáil na hEorpa ina hiomláine agus treiseoidh siad go frithpháirteach: **an Tionscnamh Eorpach um Chosaint ar Dhróin**, **Faireachán ar an gCliathán Thoir**, an **Aersciath Eorpach**, agus an **Spás-Sciath Eorpach**.

Beidh siad ar oscailt do gach Ballstát ar mian leis a bheith rannpháirteach. Is de chineál trasearnálach iad na tionscnaimh shuaitheanta agus tugtar le tuiscint leo go ndéanfar dul chun cinn i roinnt réimsí cumais agus in earnálacha lasmuigh den bhunchosaint. Beidh tábhacht ar leith ag baint le bonneagar criticiúil, bainistiú teorainneacha agus slándáil inmheánach a chosaint.

Déanfaidh na Ballstáit cinneadh maidir leis na tionscnaimh shuaitheanta sin, chomh maith le cinn bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann (e.g. cibearthionscnamh, tionscnamh muirí...). Beidh siad ina spreagadh do na tionscnaimh sin, ag teacht ar chomhaontú de réir mar is cuí leo maidir leis na cuspóirí nithiúla, le dáileadh na gcúraimí, le leithdháileadh na gcistí buiséid náisiúnta, agus leis an gcreat is iomchuí chun iad a bhaint amach.

Gníomhóidh an Coimisiún mar éascaitheoir, agus cuirfidh sé seirbhís 'ionaid ilfhreastail' ar fáil chun cúnamh teicniúil agus comhairle a thabhairt do na Ballstáit maidir le conas gníomhaíochtaí náisiúnta a nascadh leis na huirlisí agus na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil (lena n-áirítear cistí réigiúnacha), agus comhsheasmhacht agus leanúnachas á n-áirithiú an tráth céanna idir na sraitheanna éagsúla oibre. Cuirfidh an tArdionadaí, trí SEGS, FMA agus GEC, comhairle ar fáil do na Ballstáit agus áiritheoidh siad go dtacóidh tionscnaimh shuaitheanta le réimsí comhaontaithe maidir le cumais tosaíochta, go mbeidh siad ailínithe le cuspóirí forbartha cumais fhadtéarmaigh agus go mbeidh siad comhleanúnach le pleananna míleata ECAT.

Faoi Earrach 2026, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha teacht ar chomhaontú maidir leis an socrú comhordúcháin iomchuí, le tacaíocht ón gCoimisiún, ón Ardionadaí agus ó ghníomhaithe eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint. Déanfar faireachán ar an dul chun cinn maidir le gach tionscnamh suaitheanta sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le hUllmhacht i Réimse na Cosanta.

*Tionscnamh na Cosanta Drón Eorpach agus Faireachán ar an gCliathán Thoir*

Léirigh sáruithe a rinneadh arís agus arís eile le déanaí ar aerspás Bhallstáit an Aontais a phráinní atá sé cumas Eorpach solúbtha, lúfar agus úrscothach a chruthú chun cur i gcoinne aerfheithiclí gan foireann. Cé go bhfuil Ballstáit theorainn an Oirthir ag dul i ngleic leis an mbagairt dhíreach is mó ón Rúis agus ón mBealarúis, is féidir le bagairt den sórt sin dul chomh fada le haon Bhallstát, mar a léiríodh le teagmhais a tharla le déanaí.

Dearfar an Tionscnamh Eorpach um Chosaint ar Dhróin le cur chuige 360°, mar chóras ilsrathach, ardteicneolaíochta ag a mbeidh cumais frithdhrón idir-inoibritheacha le haghaidh braith, rianú agus neodrú, chomh maith le cumais chun spriocanna talún a bhrath, a rianú agus a neodrú trí theicneolaíocht drón a ghiaráil le haghaidh domhain-ionsaithe ardbheachtais. Ba cheart acmhainneacht na bhfrithdhrón a bheith iomlán idir-inoibritheach agus nasctha idir na Ballstát a sholáthraíonn feasacht staide Eorpach agus an cumas gníomhú le chéile agus bonneagar criticiúil a dhaingniú in éineacht le ECAT.

Ba cheart do na cumais frithdhrón Eorpacha sin cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón Úcráin maidir leis an bpríomhluach a bhaineann le héiceachórais nuálacha drón agus frithdhrón a chruthú, T&F a nascadh leis an táirgeadh, agus a bheith ag brath ar acmhainneacht táirgeachta inscálaithe agus ar fhorbairt theicneolaíoch leanúnach. Seo deis na hEorpa foghlaim faoi bhealach na hÚcráine chun nuálaíocht teicneolaíochta míleata a fheidhmiú, agus beidh sé nasctha leis an gComhghuaillíocht Drón atá beartaithe leis an Úcráin. Beidh an líonra frithdhrón inoiriúnaithe chun críoch sibhialtach-mhíleata agus dé-úsáide agus cuideoidh sé déileáil le bagairtí nach mbaineann le cosaint ná le guaiseacha

eile is coiteann do gach teorainn san Aontas. Áirítear leis sin cosaint teorainneacha, úsáid na himirce mar arm, cosaint bonneagair chriticiúil agus coireacht eagraithe thrasnáisiúnta.

Beidh cumais frithdhrón ina bpríomhchuid den tionscnamh suaitheanta Faireachán ar an gCliathán Thoir, arb é is aidhm dó acmhainneacht na mBallstát ar theorainn an Oirthir a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar réimse leathan bagairtí, lena n-áirítear freisin oibríochtaí hibrideacha, scáthchabhlach na Rúise agus riosca an fhogha armtha. Is é is aidhm dó teorainneacha Thoir an Aontais a dhaingniú ar talamh, san aer agus ar muir, rud a chuirfidh le slándáil an Aontais ar fad.

Déanfaidh Faireachán ar an gCliathán Thoir na córais aerchosanta agus frithdhrón a chomhtháthú le tacar córas cosanta ar talamh le slándáil mhuirí i Muir Bhailt agus sa Mhuir Dhubh agus le córais le haghaidh feasacht staide mhéadaithe, chomh maith le slándáil inmheánach agus bainistiú teorainneacha. Ba cheart Faireachán ar an gCliathán Thoir a ailíniú go hiomlán le Mol Slándála Muirí na Mara Duibhe atá á fheidhmiú ag an Aontas Eorpach agus le struchtúr comhtháite ceannais agus rialaithe ECAT, agus ba cheart é a bheith comhlántach leis an Oibríocht Fairtheoir an Oirthir, le hAerphóilíneacht Mhuir Bhailt, agus leis na fórsaí Láithreachta Tosaigh. Cuideoidh sé le gnéithe a fhorbairt a bhfuil an phráinn is mó ag baint leo, gnéithe a leathnófar agus a chomhtháthófar i dtionscadal níos leithne ar scála Eorpach.

**Cuspóirí:**

Tá sé beartaithe é a bheith d'aidhm aige cumas cosanta teorann cuimsitheach Eorpach a bhunú le córais faireachais ilfhearainn, cumais drón agus frithdhrón, cumais cogaíochta leictreonaí, córais domhain-ionsaithe ardbheachtais, agus comhordú oibríochtúil freagrúil. Iad uile a bheith i ndlúthchomhar le ECAT agus comhlántach lena phleananna réigiúnacha um chosaint chríochach. Ba cheart Faireachán ar an gCliathán Thoir a fhorbairt sna Ballstáit uile feadh theorainn thoir an Aontais, lena n-áirítear an teorainn talún agus farraige leis an Rúis agus leis an mBealarúis a chur san áireamh, chun cur le cosaint na hEorpa.

**Garspriocanna:**

1. EUCO le formhuiniú a dhéanamh ar Thionscnamh na Cosanta Drón Eorpach agus ar Fhaireachán ar an gCliathán Thoir mar thionscnaimh shuaitheanta thosaíochta — faoi dheireadh 2025
2. Seoladh Tionscnamh na Cosanta Drón Eorpach agus Faireachán ar an gCliathán Thoir — R1 2026
3. Leis an gcéad CTCE, iarrtar go ndéanfaí táirgeadh a scálú agus go dtacófaí le soláthar comhoibríoch. Na chéad íocaíochtaí réamh-mhaoinithe i gcreat SAFE do chuid na dtionscadal de na Tionscnaimh Shuaitheanta — R1 2026
4. Acmhainneacht tosaigh an Tionscnaimh Eorpaigh um Chosaint ar Dhróin agus an Fhaireacháin ar an gCliathán Thoir — faoi dheireadh 2026
5. An Tionscnamh Eorpach um Chosaint ar Dhróin ag feidhmiú go hiomlán – faoi dheireadh 2027
6. An Faireachán ar an gCliathán Thoir ag feidhmiú – faoi dheireadh 2028

Cé gurb iad an Faireachán ar an gCliathán Thoir agus an Tionscnamh Eorpach um Chosaint ar Dhróin ar na nithe is práinní, ba cheart dlús a chur leis an obair chun **Aersciath Eorpach** a fhorbairt chun cosaint chomhtháite ilsrathach aeir agus diúracán a bhaint amach do na Ballstáit, a bheidh iomlán idir-inoibritheach le córas Ceannais agus Rialaithe ECAT, agus

leis an obair ar **Spás-sciath Eorpach** chun cosaint agus athléimneacht sócmhainní agus seirbhísí spáis a áirithiú.

*An Aersciath Eorpach*

Leis an Tionscnamh Suaitheanta comhtháite maidir leis **an Aersciath Eorpach**, cosnófar aerspás agus feidhmeanna stáit na mBallstát. Tacóidh cláir an Aontais leis na Ballstáit sciath cosanta aeir agus diúracán comhtháite ilsrathach a bhaint amach, lena n-áirítear braiteoirí riachtanacha, a chosnaíonn ar speictream iomlán na mbagairtí aeir agus atá iomlán idir-inoibritheach le córas Ceannais agus Rialaithe ECAT. Cuideoidh sé le Fórsaí Armtha na mBallstát spleáchais a laghdú agus tacóidh sé le Comhghuaillithe a spriocanna ECAT a bhaint amach.

**Cuspóir:**

Tá sé beartaithe Aersciath Eorpach a chruthú chun speictream iomlán cosanta aeir agus diúracán a chumhdach, ar aersciath é a bheidh iomlán idir-inoibritheach le córas ceannais agus rialaithe agus teagasc ECAT.

**Garspriocanna:**

1. EUCO leis an Aersciath Eorpach a fhormhuiniú mar thionscnamh suaitheanta tosaíochta – faoi dheireadh 2025
2. An Aersciath Eorpach le seoladh – R2 2026
3. Cláir oibre an Chiste Eorpaigh Cosanta (CEC) agus CTCE chun tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann le Cosaint Aeir agus Diúracán – faoi dheireadh 2026

*An Sciath Eorpach Spáis*

Tá **an Sciath Eorpach Spáis** ríthábhachtach i leith cumais chosanta na mBallstát a fheabhsú agus **cosaint agus athléimneacht sócmhainní agus seirbhísí spáis** i gcoinne bagairtí atá ag dul i méid a áirithiú agus chun ullmhacht i réimse na cosanta 2030 a bhaint amach, ag cur le sócmhainní spáis náisiúnta agus tráchtála, le tacaíocht ó chórais spáis an Aontais. Comhlánóidh sé cumais dé-úsáide Spáis an Aontais lena gcuirfear seirbhísí rialtais ar fáil ar mhaithe leis na Ballstáit uile sna nithe seo a leanas: Suí, Loingseoireacht agus Uainiú le Seirbhís Phoiblí Rialáilte Galileo, intleacht gheospásúil leis an tSeirbhís Rialtais um Fhaire na Cruinne agus cumarsáid shlán le IRIS[2] chun na Ballstáit a dhreasú d'fhonn cumais cheannasacha a fhorbairt le chéile. Cothóidh sé forbairt cumas cosanta náisiúnta idir-inoibritheach, ag díriú go háirithe ar threalamh atá cumasaithe le Galileo, Feasacht Réimse Spáis, cur i gcoinne trasnaíochta agus spúfála, agus oibríochtaí agus seirbhísí laistigh den spás, i gcás ina bhfuil sé soiléir go bhfuil easnaimh agus spleáchais ag an Eoraip.

**Cuspóir:**

Tá sé beartaithe córas cuimsitheach Eorpach um chumais spáis a bhunú agus a chosaint, ar córas é a fhreastalaíonn ar chuspóirí cosanta, ag cur le córais spáis an Aontais agus leis na hacmhainneachtaí náisiúnta atá ann cheana.

**Garspriocanna:**

1. EUCO leis an Sciath Eorpach Spáis a fhormhuiniú mar thionscnamh suaitheanta tosaíochta – faoi dheireadh 2025.
2. Tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí gaolmhara sa Spás, IRIS², CEC agus CTCE de réir cur chuige comhordaithe agus oibriú leis na Ballstáit chun tacú le comhordú a bpleananna soláthair (SAFE) – ó 2026 ar aghaidh
3. An Sciath Eorpach Spáis a sheoladh — R2 2026

***5 – An ghné thionsclaíoch i réimse na cosanta***

Is príomhghné den díspreagadh a dhéanann an Eoraip agus dá shlándáil fhisiceach agus eacnamaíoch araon é bonn tionsclaíoch atá láidir, athléimneach agus nuálach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus a fhréamhacha san Aontas. Is spreagadh fáis é freisin, i bhfianaise mhéid mhargadh an Aontais, na hacmhainneachta fostaíochta agus na héifeachtaí iarmharta ar an ngeilleagar i gcoitinne. Ní mór an iarracht ar bhearnaí cumais a dhúnadh a bheith ina dheis do thionscal cosanta an Aontais a iomaíochas a mhéadú, comhoibriú a thuilleadh agus glacadh leis an nuálaíocht, é féin a shuí ar thús cadhnaíochta ó thaobh na teicneolaíochta de agus borradh a chur faoin acmhainneacht onnmhairiúcháin. Ní mór an méid sin a bheith chun tairbhe gach cuideachta sa slabhra soláthair, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, agus ní mór é a dhul chun tairbhe do gheilleagair réigiúnacha agus do Bhallstáit bheaga freisin.

Léirigh ceithre bliana cogaidh san Úcráin a ríthábhachtaí atá sé stoic leordhóthanacha armlóin agus trealaimh a bheith ann, línte táirgthe a bheith ann a d’fhéadfadh leathnú go tapa agus athsholáthar, agus slabhraí soláthair dea-shioncronaithe a bheith ann. Ní mór an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach méadú na n-éiceachóras tionsclaíoch a chothú sna 5 bliana amach romhainn, rud a rachaidh chun tairbhe do gheilleagair réigiúnacha.

Sa chomhthéacs sin, tá an Coimisiún réidh le treoir iomaíochta a chur ar fáil don tionscal maidir le tionscadail chomhair in earnáil na cosanta. Tá an Coimisiún i dteagmháil freisin leis na Ballstáit chun a mheas ar cheart dó a chur chuige faoi na rialacha maidir le Státchabhair san earnáil a nuachóiriú agus an bhféadfadh sé treoir a thabhairt.

Chun an dul chun cinn maidir le bearnaí cumais a dhúnadh a nascadh ar bhealach níos fearr leis an mborradh atá faoi Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE), **neartóidh an Coimisiún a thuiscint ar an acmhainneacht táirgthe thionsclaíoch Eorpach atá ann faoi láthair agus ar an acmhainneacht atá beartaithe,** agus díreoidh sé gach bliain ar thosaíochtaí roghnaithe. Tosóidh sé sin le cosaint aeir agus diúracán, dróin/córais frithdhrón agus córais spáis.

Ba cheart do na Ballstáit a gcumhacht cheannaigh chomhpháirteach a ghiaráil trí **chláir soláthair ilbhliantúla** chun na comharthaí fadtéarmacha cearta a sheoladh chun cabhrú le gnólachtaí cinntí infheistíochta a dhéanamh maidir le táirgeadh a leathnú agus an méid is gá a sholáthar chun na bearnaí cumais a dhúnadh. Le comhordú níos fearr ar na cláir sin, laghdófaí ilroinnt, neartófaí idir-inoibritheacht a bhfuil géarghá léi, agus d’áiritheofaí luach ar airgead.

**Is cuid ríthábhachtach d’ullmhacht na hEorpa i réimse na cosanta í an nuálaíocht**. Tá teicneolaíochtaí suaiteacha, a dtástáil thapa agus a neadú i gcumais chosanta agus rannpháirtíocht sholúbtha i ngníomhaíochtaí an phobail teicneolaíochta fíor-riachtanach i leith na cogaíochta nua-aimseartha.  Dá bhrí sin, díreofar cistiú ón Aontas ar an

infheistíocht T&F agus táirgeadh tionsclaíoch nuálach a spreagadh, infheistíocht phríobháideach bhreise a spreagadh agus gnólachtaí nuathionscanta dé-úsáide, gnólachtaí atá i mbun fáis agus FBManna nuálacha agus fiontair mheánchaipitlithe a chur chun cinn. D'fhéadfaí nósanna imeachta soláthair simplithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna a chur san áireamh freisin. Leis an athbhreithniú meántéarma a rinneadh le déanaí ar an mbeartas comhtháthaithe, cuirtear dreasachtaí ar fáil chun cistiú comhtháthaithe a athchlárú chun é a chur i dtreo teicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt agus a mhonarú agus chun cumais chosanta a fheabhsú. Díreofar an **Ciste Eorpach um Iomaíochas** a bheidh ann amach anseo ar theicneolaíochtaí núíosacha agus ar réitigh shuaiteacha ó ghníomhaithe teicneolaíochta nua, lena n-áirítear gnólachtaí atá ag méadú, FBManna agus meánchaipitlithe. Tacóidh an **Clár Réime Fís Eorpach** a bheidh ann amach anseo agus go háirithe a Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, leis an teicneolaíocht dhomhain agus leis an nuálaíocht shuaiteach ó thaighde go huas-scálú, lena n-áirítear maidir le feidhmeanna cosanta. Leis an **Treochlár Eorpach um Chlaochlú Cosanta**, cuirfear creat ar fáil dó sin agus cuirfear i láthair é faoi dheireadh mhí na Samhna. Molfaidh sé bealaí nua chun borradh a chur faoin nuálaíocht i dtionscal na cosanta, lena n-áirítear gnólachtaí atá ag méadú agus FBManna, arna spreagadh ag an ngá atá le níos mó solúbthachta, luais agus tógáil riosca.

Ní mór don Eoraip a áirithiú go bhfanfaidh sí chun tosaigh ar an gcuar teicneolaíochta cosanta, go háirithe maidir le húsáid na hIntleachta Saorga. Ní mór dúinn **an infheistíocht agus an nuálaíocht a neartú i mbonn cosanta-teicneolaíochta tionsclaíoch na hEorpa**, go háirithe maidir le córais chriticiúla a tháirgeadh le haghaidh cogaíocht nua-aimseartha — bíodh dróin, satailítí ceannasaithe agus rialaithe nó néal slán Eorpach ann — áit a mbeidh an intleacht shaorga ina toisc chinntitheach lenár féidir linn na cumais is gá a tháirgeadh.

Dá bhrí sin, chun tacú leis na hiarrachtaí sin, cuirfidh an Coimisiún Eorpach **dlús leis an simpliú** chun rochtain ar thacair sonraí ábhartha a áirithiú le haghaidh oiliúna agus chun réitigh intleachta saorga láidre, duinelárnacha agus iontaofa a bhailíochtú, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, lena n-áirítear trí bhearta nua simplithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ní mór comhpháirtíocht nua idir an tAontas, rialtais náisiúnta agus páirtithe leasmhara in earnáil na cosanta a bheith ina bonn agus ina taca ag iarrachtaí ullmhachta comhchoiteanna. Ag cur leis an idirphlé idir an Coimisiún agus tionscal cosanta na hEorpa, ba cheart rialtais, gníomhaithe an Aontais, príomhaithe, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus nuálaithe teicneolaíochta a bheith rannpháirteach i gCruinniú Mullaigh bliantúil den tionscal cosanta.

Tá oibrithe oilte de dhíth ar thionscal cosanta na hEorpa. Laistigh den **Chomhshocrú um Scileanna**, tá an **Chomhpháirtíocht Scileanna ar Mhórscála san Aeraspás agus sa Chosaint** ag obair ar réamhaisnéis scileanna, ar chláir uas-scilithe agus athscilithe, agus ar thabhairt isteach tallann, chun tacú leis na Ballstáit 600 000 duine a athsciliú don tionscal cosanta faoi 2030. Is féidir le **Ráthaíocht Scileanna an Aontais** cabhrú freisin le hoibrithe idirthurais ó earnálacha atá i mbaol chuig earnálacha straitéiseacha, amhail an tionscal cosanta.

**Braitheann monaraíocht na cosanta freisin ar rochtain shlán ar amhábhair chriticiúla.** Ní mór dul i ngleic le spleáchais straitéiseacha agus le scrogaill in amhábhair agus comhpháirteanna criticiúla. Cuirfidh an Fhaireachlann um Theicneolaíochtaí Criticiúla anailís riosca ar fáil a bheidh ina bonn do bhearta soiléire spriocdhírithe chun

aghaidh a thabhairt ar laigí. D'fhéadfaí, mar chuid de na bearta sin an deis a thabhairt don tionscal tacaíocht a fháil do thionscadail lena ndaingnítear an soláthar, mar shampla trí thaighde ar roghanna malartacha nó trí stoc-charnadh, nó trí thionscadail eile faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla.

Tá **cur chun cinn comhpháirtíochtaí maidir le slándáil agus cosaint** le tíortha atá ar aon intinn leis an Aontas ríthábhachtach ar mhaithe lenár bhforbairt cumais, lenár n-idir-inoibritheacht, lenár nuálaíocht agus lenár n-ullmhacht thionsclaíoch i réimse na cosanta agus chun soláthairtí amhábhar nó comhpháirteanna criticiúla a éagsúlú. I gcomhréir leis an bPáipéar Bán, tá céimeanna nithiúla tugtha ag an Aontas Eorpach chun a chlár oibre comhpháirtíochta a chur chun cinn i réimse na slándála agus na cosanta le comhghuaillithe agus comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, go háirithe ECAT, comhpháirtithe lena saothróidh an Ciste Eorpach Cosanta socrú teicniúil le haghaidh malartú faisnéise rúnaicmithe. Tá an tsamhail sin á cur i bhfeidhm i dtús báire leis **an Ríocht Aontaithe** agus le **Ceanada**, tíortha a bhfuiltear ag caibidliú comhaontuithe déthaobhacha leo chun go bhféadfaidh tionscal cosanta agus táirgí cosanta gach tíre acu leas a bhaint as soláthar comhpháirteach faoi ionstraim SAFE. Tá an comhar tionsclaíoch i leith na cosanta i gcroílár an Idirphlé Thionsclaíoch um an gCosaint leis an tSeapáin chomh maith, agus b'fhéidir leis an India amach anseo. Ba cheart don Aontas an chomhpháirtíocht atá aige leis an Moldóiv a dhoimhniú chomh maith.

**Cuspóirí:**

Tá sé beartaithe go n-áiritheofar gur féidir le BTTCE faoi 2030 na cumais atá ag teastáil ó na Ballstáit a chur ar fáil ar an scála agus an luas is gá. Ba cheart na línte táirgthe a mhéadú go mór agus agaí seachadta na n-ábhar cosanta a laghdú go mór. Ba cheart poitéinseal iomlán na nuálaíochta agus na cosanta, lena n-áirítear réitigh na hÚcráine, a shaothrú. Ba cheart athléimneacht na slabhraí soláthair cosanta a dhaingniú, trí spleáchais chriticiúla i leith amhábhar agus ionchuir chriticiúla eile a laghdú agus le modhanna eile chomh maith.

**Garspriocanna:**

1. Na comhreachtóirí an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach a ghlacadh. An Coimisiún an Treochlár Eorpach um Chlaochlú Cosanta a chur i láthair — Samhain 2025
2. An Coimisiún Comhghuaillíocht Teicneolaíochta um Chosaint a bhunú lena nascfar nuálaithe teicneolaíochta le húsáideoirí cosanta sna Ballstáit chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais — faoi dheireadh 2025
3. An Coimisiún, i ndlúthchomhar le príomhnáisiúin na gcomhghuaillíochtaí cumais, an t-idirphlé straitéiseach leis an tionscal a leathnú sa chéad leath de 2026 agus an chéad Chruinniú Mullaigh Tionsclaíoch Cosanta bliantúil a óstáil faoi lár 2026
4. An Coimisiún forléargas a chur i láthair ar an méadú ar an acmhainneacht thionsclaíoch is gá chun a áirithiú go mbeidh soláthar iontaofa ann le haghaidh na réimsí cumais comhaontaithe – ó lár 2026
5. Anailís ar na rioscaí a thagann as spleáchais straitéiseacha agus scrogaill i leith amhábhair chriticiúla agus Plean Gníomhaíochta ina bearta maolaitheacha le haghaidh shlabhraí soláthair idirnáisiúnta an tionscail cosanta Eorpaigh — an dara leath de 2026
6. Athsciliú 200 000 fostaí le haghaidh an tionscail cosanta faoi 2026
7. An Ciste Iomaíochais, an t-ionú cosanta agus an Clár Réime Fís Eorpach a ghlacadh mar chuid den chéad CAI eile agus iad a bheith réidh le feidhmiú — faoi dheireadh 2027

**Táscairí:**

Tá sé beartaithe an méid seo a leanas a úsáid mar tháscairí sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le hUllmhacht Cosanta: Ranníocaíocht thionscail cosanta AE27 le céatadán OTI AE; sciar na n-oibrithe i dtionscal cosanta AE27, lena n-áirítear poist nua a chruthaítear go bliantúil; sciar na saoráidí táirgthe cosanta nua nó leathnaithe, cur chun feidhme chláir an Aontais a thacaíonn leis an nuálaíocht i réimse na cosanta, líon na bpaitinní a bhaineann le cosaint atá cláraithe san Aontas, líon na ngnólachtaí nuathionscanta a cruthaíodh agus líon na n-aonbheannach in earnáil na cosanta.

### *6 — An Úcráin mar chuid lárnach d'iarracht ullmhachta na hEorpa*

Maidir le 'torcán cruach' – nach bhféadfaidh aon ionróir é a dhíleá – a dhéanamh den Úcráin, tá an méid sin chomh tábhachtach céanna i leith shlándáil na hÚcráine agus atá i leith shlándáil na hEorpa. Ba cheart, le hiarrachtaí ullmhachta cosanta na hEorpa, an Úcráin a neartú agus a áirithiú go dtairbheoidh an Eoraip de bhuntáistí seo na hÚcráine: taithí ar láthair an chatha, seiftiúlacht nuálach, comhar idir an réimse sibhialtach agus an réimse míleata agus an borradh faoin acmhainneacht thionsclaíoch.

Rannchuideoidh na Ballstáit agus an tAontas le **creat ráthaíochtaí slándála fadtéarmacha don Úcráin** a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas: socruithe dlíthiúla marthanacha; maoiniú ilbhliantúil agus soláthairtí míleata intuartha; comhtháthú tionsclaíoch na cosanta in BTTCE; sásraí comhairliúcháin soiléire; agus nasc le haontachas na hÚcráine leis an Aontas agus le hatógáil iarchogaidh.

I gcroílár an mhéid sin tá **iarracht leanúnach ar leas a bhaint as Imeall Míleata Cáilíochta (IMC) na hÚcráine**. Chun IMC na hÚcráine a áirithiú sa mheántéarma, tá an Coimisiún ag obair ar **iasacht chúitimh** a mhaoineofar leis na hiarmhéideanna airgid a bhaineann le sócmhainní blocáilte na Rúise. Chruthódh an méid sin an maoiniú ilbhliantúil intuartha don Úcráin agus d'áiritheofaí leis go mbeadh rochtain láithreach ag an Úcráin ar shreabh seasta sárthrealaimh mhíleata, sreabh a thiocfaidh den chuid is mó ó thionscail chosanta na hEorpa agus na hÚcráine, i gcomhréir lena riachtanais ar láthair an chatha agus a bheidh ina spreagadh i leith **comhpháirtíochtaí tionsclaíocha le cuideachtaí Eorpacha nuálaíocht agus uas-scálú a dhéanamh.** Beidh méadú agus feabhsú ar an oiliúint, a bhuí leis an misean EUMAM, agus feabhsú ar an mbailiú faisnéise ina gcodanna ríthábhachtacha de IMC na hÚcráine chomh maith.

Ó d'fhógair an Coimisiún **Comhghuaillíocht Drón leis an Úcráin** lena bhféadfaí tacú le sásraí maoiniúcháin éagsúla lena n-áirítear le cuidiú ón EUR 2 bhilliún tús-ualaithe as na hiasachtaí lena ngéaraítear an t-ioncam urghnách, is léir gur féidir go n-éireoidh leis sin sa chleachtas. Tacóidh an Chomhghuaillíocht Drón le cruthú comhfhiontar idir cuideachtaí de chuid na hÚcráine agus cuideachtaí Eorpacha lasmuigh den Úcráin agus úsáidfidh sí teicneolaíocht Eorpach in éineacht le heolas agus taithí na hÚcráine. Ar a bharr sin beidh an Úcráin ina cuid dhílis de chur chun feidhme sásraí airgeadais de chuid an Aontais, ar nós **SAFE agus EDIP/na hIonstraime um Thacaíocht don Úcráin**, sa chaoi go soláthrófar trealamh don Úcráin agus ó thionscal na hÚcráine a mhéid is féidir. De réir an dul chun cinn a bheidh déanta, **d'fhéadfaí smaoineamh ar thionscnamh comhlántach féideartha a bheadh dírithe ar an Úcráin i dtús 2026** chun iarrachtaí comhoibríocha breise a dhreasú.

**Cuspóirí:**

Tá sé beartaithe a áirithiú gur féidir leis an Úcráin í féin a chosaint agus aon ionsaí a dhéanfaidh an Rúis amach anseo a dhíspreagadh. Ba cheart tionscal cosanta na hÚcráine a chomhtháthú go hiomlán le tionscal cosanta na hEorpa chun scála a chur ar fáil do tháirgeadh na hÚcráine agus chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an leasa a bhain an Úcráin as an nuálaíocht maidir le cosaint na hEorpa.

**Garspriocanna:**

1. An Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin laistigh de EDIP agus an 'iasacht chúitimh', ag a mbeidh liúntas bliantúil don Úcráin chun tacú lena IMC, a ghlacadh — faoi dheireadh 2025
2. Tionscnamh 2 mhilliún armlón airtléire an Ardionadaí a chur i gcrích — faoi dheireadh 2025
3. An Úcráin a chuimsiú sna comhghuaillíochtaí cumais ábhartha agus an chomhghuaillíocht drón idir an tAontas agus an Úcráin a sheoladh — faoi R1 2026
4. I bhfianaise leibhéal ranníocaíochtaí SAFE le cosaint na hÚcráine, measúnú a dhéanamh ar dhreasachtaí breise féideartha i leith thacaíocht na mBallstát don Úcráin — faoi R1 2026.
5. Tograí le haghaidh bearta breise chun tacaíocht mhíleata mhear na mBallstát don Úcráin a dhreasú — faoi R1 2026.
6. Rolladh amach 'Brave Tech EU' lena n-áirítear maoiniú chun réitigh theicneolaíocha nua a thástáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin láthair an chatha arna sainaithint in éineacht leis an Úcráin — faoi dheireadh 2026
7. Leanúint de EUMAM, agus tacaíocht a thabhairt do Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha nuair is féidir de réir na ndálaí.

**Táscairí:**

Tá sé beartaithe an dul chun cinn a rianú sna Tuarascálacha Bliantúla maidir le hUllmhacht Cosanta trí fhaireachán a dhéanamh ar mhéid thacaíocht mhíleata fhoriomlán an Aontais (EUR) don Úcráin, ar iomlán na saighdiúirí ar chuir EUMAM oiliúint, ar an méid armlóin mórchalabra a sheachadfar agus ar sciar na n-iasachtaí SAFE lena mbaineann an Úcráin. Cumhdófar freisin infheistíocht dhíreach iomlán AE27 i mbonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hÚcráine (EUR) agus líon na gComhfhiontar idir an tAontas agus an Úcráin i réimse na cosanta chun faireachán a dhéanamh ar chomhtháthú thionscal cosanta na hÚcráine i dtionscal cosanta an Aontais.

### *7 – Cumasóirí cothrománacha*

*<u>I dtreo fíormhargadh uile-Aontais le haghaidh trealamh cosanta</u>*

**Tá sé ina phríomhchoinníoll** i leith táirgeadh mórscála a bhaint amach, barainneachtaí scála agus nuálaíocht chosanta a chruthú chun go simpleofar **margadh an Aontais um threalamh cosanta** agus go mbeidh sé ag feidhmiú go maith. Chuige sin tá gá le rialacha soláthair cosanta aonfhoirmeacha cothroma, córas iontaofa le haghaidh aistriú laistigh den Aontas, córas láidir Slándála Soláthair agus glacadh forleathan caighdeán aitheanta agus aitheantais fhrithpháirtigh deimhniúcháin.

Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Soláthar Cosanta agus Slándála, ba cheart go gcuirfí nósanna imeachta soláthair ar fáil do na Ballstáit a bheidh oiriúnaithe dá riachtanais soláthair, go háirithe na riachtanais a bheidh ann agus soláthar comhpháirteach á dhéanamh

acu. Le méadú ar an trédhearcacht agus ar an oscailteacht, ba cheart go bhféadfaidh tionscal cosanta an Aontais táirgí agus seirbhísí nuálacha a sholáthar ar phraghsanna iomaíocha, agus ba cheart go gcuideodh an intuarthacht leis an tionscal sin acmhainneacht táirgthe bhreise a fhorbairt. Chun margadh inmheánach cosanta a chruthú, beidh gá le níos mó muiníne i slabhraí soláthair trasteorann laistigh den Aontas. Tá tograí san **Omnibus um Ullmhacht Cosanta** chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Ba cheart do na comhreachtóirí é a ghlacadh tráth nach déanaí ná deireadh 2025. Mar an gcéanna, ba cheart an **'Mion-Omnibus'** Cosanta a ghlacadh tráth nach déanaí ná mí na Nollag 2025 chun infheistíocht a bhaineann leis an tionscal cosanta a dhreasú ar bhealach níos fearr roimh an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile.

**Cuspóir:**

Tá sé beartaithe iarracht a dhéanamh fíor-Mhargadh uile-Aontais le haghaidh trealamh cosanta a chruthú faoi 2030, margadh ina mbeidh rialacha simplithe agus comhchuibhithe.

**Garspriocanna:**

1. Glacadh an Omnibus um Ullmhacht Cosanta agus an Mhion- Omnibus a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2025
2. Gníomhaíocht reachtach bhreise le haghaidh an Mhargaidh Aonair a thabhairt chun críche, go háirithe meastóireacht ar na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí agus Aistrithe laistigh den Aontas — faoi dheireadh 2026

*I dtreo limistéar soghluaisteachta míleata ar fud an Aontais*

Is cumasóir ríthábhachtach í an tsoghluaisteacht mhíleata chun slándáil agus cosaint na hEorpa a áirithiú, lena n-áirítear tacaíocht ón Aontas don Úcráin. Tá sé fós ródheacair trúpaí agus trealamh míleata a bhogadh laistigh den Eoraip, mar a léirigh freachnaimh leis na Ballstáit. In 2024, ní raibh ach an leathchuid de na Ballstáit iomlán i gcomhréir leis an ngealltanas 5 lá oibre. Tá os cionn 500 tionscadal 'teophointe' sainaitheanta ag an Aontas a bhfuil riachtanais infheistíochta thart ar EUR 100 billiún acu. Ba cheart tús áite a thabhairt d'aghaidh a thabhairt orthu sin chun deireadh a chur leis na príomhbhearnaí agus na príomhscrogaill feadh na gceithre chonair soghluaisteachta míleata thosaíochta. An Cliathán Thoir go háirithe tá sé neamhchosanta in éagmais gréasáin tras-Eorpacha leanúnacha idir-inoibritheacha. Chun bheith chun tosaigh ó thaobh an dul chun cinn de, cuirfear **pacáiste uaillmhianach Soghluaisteachta Míleata** i láthair i mí na Samhna ina mbeidh moltaí go gcuirfear creat rialála aontaithe ar bun chun gur fusa trealamh, earraí agus paisinéirí a iompar chun críoch míleata nó cosanta sibhialta ar fud na hEorpa agus leasuithe spriocdhírithe ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana chun go bhfreastalófar níos fearr ar riachtanais soghluaisteachta míleata le haghaidh bonneagar dé-úsáide.

**Cuspóirí:**

Tá sé beartaithe go gcuirfear ar bun faoi dheireadh 2027 limistéar soghluaisteachta míleata uile-Aontais lena mbainfidh rialacha agus nósanna imeachta comhchuibhithe agus gréasán conairí talún, aerfort, calafort mara agus eilimintí tacaíochta lena n-áiritheofar gur féidir trúpaí agus trealamh míleata a iompar gan bhac ar fud an Aontais, i ndlúthchomhar le ECAT agus lena gcuirfear borradh faoi chumais iompair sa réimse sibhialtach agus sa réimse míleata.

**Garspriocanna:**

1. An Pacáiste Soghluaisteachta Míleata a chur i láthair — roimh dheireadh 2025
2. Tionscadail nithiúla maidir le teophointí soghluaisteachta míleata feadh na gConairí Soghluaisteachta Míleata a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta — faoi R1 2026
3. Na comhreachtóirí Pacáiste Soghluaisteachta Míleata a ghlacadh — faoi dheireadh 2026
4. Ionú nua na soghluaisteachta míleata laistigh den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a bheith glactha agus oibríochtúil — faoi dheireadh 2027

**Táscairí:**

Tá sé beartaithe go dtuairisceoidh an Tuarascáil Bhliantúil maidir le hUllmhacht Cosanta ar na gealltanais a thug na Ballstáit chun a áirithiú go n-eiseofaí ceadanna gluaiseachta le haghaidh trúpaí agus trealaimh chomh tapa agus is féidir (3 go 5 lá oibre); an líon tionscadal teophointí a fhaigheann tacaíocht le maoiniú ón Aontas; an céatadán de bhuiséad SCE maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a eisíocadh; agus líon na dtionscadal Soghluaisteachta Míleata a fhaigheann tacaíocht ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

*Acmhainní airgeadais agus infheistíocht leordhóthanach a áirithiú*

Faoin CAI reatha, léiríodh gur bhain breisluach le hionstraimí an Aontais lena dtacaítear leis an tionscal cosanta. Is é an **Ciste Eorpach Cosanta** (EDF) an tríú hinfheisteoir cosanta T&F san Aontas anois agus, le méideanna teoranta, rannchuidíonn **ASAP** agus **EDIRPA** le heasnaimh chriticiúla a laghdú agus rinne siad infheistíocht bhreise níos mó ná EUR 12 bhilliún a ghiaráil ón tionscal agus ó na Ballstáit. Nuair a bheidh sé i bhfeidhm, cuirfidh **EDIP** uirlisí sonracha nua ar fáil chun cumais bhreise a sholáthar, lena n-áirítear tionscadail shuaitheanta, ar nós na dTionscadal Eorpach Leasa Choitinn um an gCosaint nó na Struchtúr le haghaidh Thionscadail Armála na hEorpa.

Le gníomhachtú an **Chlásail Éalaithe Náisiúnta**, tugadh spás fioscach breise do 16 Bhallstát go dtí seo chun a gcaiteachas cosanta a mhéadú a thuilleadh. Tá an **ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip** (**SAFE**) iomlán suibscríofa ag 19 mBallstát, agus an t-imchlúdach EUR 150 billiún ídithe. Ina theannta sin, tar éis an athbhreithnithe meántéarma ar ionstraimí an Bheartais Comhtháthaithe, is féidir leis na Ballstáit agus na réigiúin cistí comhtháthaithe a ath-leithdháileadh ar infheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, lena n-áirítear soghluaisteacht mhíleata, agus leas á bhaint acu as solúbthacht níos mó agus rátaí réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe níos airde agus gheobhaidh réigiúin an Aontais atá cóngarach don Úcráin tacaíocht spriocdhírithe freisin mar a gheobhaidh na réigiúin sin atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **an buiséad le haghaidh na cosanta agus an spáis a mhéadú go mór** sa chéad CAI eile. Laistigh den Chiste Eorpach um Iomaíochas, bhainfeadh an chosaint agus an spás tairbhe as ionú EUR 131 bhilliún chun tacú le hiarrachtaí fadtéarmacha na mBallstát ar ullmhacht cosanta a bhaint amach. Laistigh den Chlár Réime Fís Eorpach, bheadh gníomhaíochtaí dé-úsáide incháilithe do thacaíocht ón mbuiséad EUR 175 bhilliún, agus bheadh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach in ann tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí criticiúla agus í ag díriú ar fheidhmeanna cosanta. Ina theannta sin, mhéadófaí buiséad na **Soghluaisteachta Míleata** ó EUR 1.76 billiún (buiséad a tús-ualaíodh cheana agus a bheidh iomlán leithdháilte faoi thús 2024) go EUR 17.65 billiún.

Tá sreabha caipitil phríobháidigh isteach sa chosaint chomh tábhachtach céanna. Leis an dul chun cinn i dtreo **Aontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach**, cuideofar le caipiteal príobháideach fadtéarmach a dhíriú ar infheistíocht sa chosaint, ar an nuálaíocht agus ar an mbonneagar. Chuir **Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta** go mór le déanaí leis an méid maoiniúcháin a thugann sé le haghaidh tionscadail a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear an bonneagar, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don tionscal cosanta Eorpach agus chun cur le maoiniú chumas cosanta agus tosaíochtaí teicneolaíochta an Aontais. Tabharfaidh an méid sin comhartha láidir do na margaí.

**Cuspóirí:**

Tá sé beartaithe borradh faoin infheistíocht phríobháideach agus phoiblí sa chosaint a dhreasú agus an éifeachtúlacht agus an tionchar is mó is féidir a bhaint amach le haghaidh tacaíocht a mhaoiníonn an tAontas.

**Garspriocanna:**

1. In éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta/leis an gCiste Eorpach Infheistíochta, Ciste cistí (cothromas) suas le EUR 1 bhilliún a chruthú lena dtabharfar tacaíocht le haghaidh fás tapa na ngnólachtaí atá ag méadú a bhaineann le cosaint agus le haghaidh tionscadail a bhaineann leis an gcosaint — faoi R1 2026
2. Ionstraimí nua CAI a bheith formheasta agus oibríochtúil faoi dheireadh 2027
3. 50 % ar a laghad de SAFE a bheith eisíoctha faoi R3 2028

**Táscairí:**

D’fhéadfaí táscairí sonracha maidir leis an gcóimheas infheistíochta poiblí-príobháideach i réimse na cosanta agus maidir le héabhlóid bhliantúil na tacaíochta ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a áireamh sa tuarascáil bhliantúil maidir le hullmhacht cosanta.

***8 – An Bealach Chun Cinn: An bóthar go 2030***

Ní mór don Eoraip gníomhú go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt atá ag dul i méid. Tá an luas athraithe ag na Ballstáit. Tá borradh tagtha faoin infheistíocht sa chosaint. Formheasadh rialachán SAFE níos tapúla ná riamh agus tá an t-imchlúdach iomlán EUR 150 billiún iomlán suibscríofa. Cuireadh an t-omnibus maidir le hullmhacht cosanta i láthair. Tá na rothaí ag tiontú. Nuair a bhíonn an Eoraip ag obair le dithneas, baintear torthaí amach.

Is iarracht uaillmhianach é ar inchreidteacht ullmhacht cosanta an Aontais a fhorbairt laistigh de 5 bliana. Ach má bhainimid soiléireacht amach maidir le spriocanna agus ár gcuspóirí a mheaitseáil leis na hacmhainní is gá agus má ghníomhaímid ar bhealach comhordaithe agus oibriú de réir amlínte beachta, is féidir an méid sin a bhaint amach.

Na tionscadail is rathúla de chuid na hEorpa, an Margadh Aonair nó an euro, cuireadh iad i gcrích ar an gcaoi sin, ar bhonn clár ilbhliantúil i gcéimeanna éagsúla agus faoi stiúir pholaitiúil leanúnach chun an próiseas a chur chun cinn. Ní mór an dul chun cinn i mbeartas cosanta na hEorpa a chur chun cinn de réir na loighce céanna.

Sa Treochlár seo tá cuspóirí soiléire leagtha amach le haghaidh 2030, i réimsí sainaitheanta ina bhfuil gá le gníomhaíocht mhear mharthanach agus tá garspriocanna comhchoiteanna inláimhsithe socraithe.

Chun an ghluaiseacht a choinneáil ar bun, ní mór don Chomhairle Eorpach stiúir pholaitiúil a thabhairt go tráthrialta, an dul chun cinn a rianú ar bhonn bliantúil agus gníomhaíochtaí tosaíochta a mholadh.

Ní mór don Eoraip teacht ar chomhaontú maidir le tionscadail, infheistíocht agus conarthaí anois féin, sa chaoi go mbeidh sí ullamh faoi 2030.

Iarrann an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí ar an gComhairle Eorpach na príomhthograí atá sa Treochlár seo a fhormhuiniú agus an treoshuíomh polaitiúil a chur ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na hullmhachta faoi 2030 leis na garspriocanna atá beartaithe.